# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015

**EACNAMAÍOCHT BHAILE**

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE, 12 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.30**

# ROINN B
## (220 MARC)

**TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ**

Freagair 4 (**CEITHRE**) cheist as an roinn seo.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

# ROINN B
## 220 MARC

**1.** Is é seo a leanas liosta na gcomhábhar atá ar taispeáint ar na lipéid ar dhá anlann áise.

| **Anlann inmheasctha** | | **Meascán anlainn thriomaithe** | |
|---|---|---|---|
| Luach tipiciúil in aghaidh gach 100g | | Luach tipiciúil in aghaidh gach 100g | |
| Fuinneamh | 107kcal | Fuinneamh | 350kcal |
| Próitéin | 1.8g | Próitéin | 10.0g |
| Carbaihiodráití | 10.3g | Carbaihiodráití | 63.0g |
| ar siúcra di | 7.1g | ar siúcra di | 30.0g |
| Saill | 6.2g | Saill | 5.0g |
| ar saill sháithithe di | 0.8g | ar saill sháithithe di | 3.0g |
| Snáithín | 1.6g | Snáithín | 6.0g |
| Salann | 1.42g | Salann | 8.6g |

**(a)** Bain úsáid as an eolas cothaithe atá tugtha ar na lipéid chun comparáid a dhéanamh idir luach cothaitheach an anlainn inmheasctha agus luach cothaitheach an mheascáin anlainn thriomaithe, agus déan measúnú orthu.

**(b)** Liostaigh **trí** aicme anlainn agus tabhair sampla **amháin** de **gach** aicme.

**(c)** Tabhair **trí** chúis a n-úsáidtear anlainn agus bia á ullmhú.

**(d)** Tabhair **dhá** bhuntáiste agus **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le hanlainn áise a úsáid.

**(e)** Mínigh an téarma ***roux***.

**2.** **(a)** Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna cothaithe ar chóir glasraí a chur san aiste bia.

**(b)** Liostaigh roinnt bealaí chun glasraí a chur san aiste bia.

**(c)** **(i)** Déan glasraí a aicmiú agus ainmnigh **dhá** ghlasra as **gach** aicme.

**(ii)** Ainmnigh aicme an ghlasra ba chóir a úsáid in aiste bia veigeáin agus tabhair an chúis.

**(d)** Cad iad na céimeanna ba chóir a ghlacadh leis na cothaithigh a choinneáil nuair a bhíonn glasraí á n-ullmhú agus á gcócaráil?

**(e)** Mínigh cad is brí le glasraí ***orgánacha***.

**3.** **(a)** Pléigh na hathruithe a tharla i gcleachtais siopadóireachta le blianta beaga anuas.

**(b)** Liostaigh na tosca a mbíonn tionchar acu ar na cinntí a dhéanann tomhaltóirí agus iad ag siopadóireacht.

**(c)** **(i)** Déan cur síos ar **thrí** theicníc mhargaíochta a úsáidtear in ionaid siopadóireachta.

**(ii)** Ainmnigh teicníc **amháin** a cheapann tú atá éifeachtach agus tabhair cúis le do fhreagra.

**(d)** Tabhair breac-chuntas ar conas a thugann an tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980 cosaint don tomhaltóir.

**(e)** Mínigh an téarma ***treoirearra caillteanais***.

**4.** **(a)** Tarraing léaráid mhionsonraithe den chraiceann agus ainmnigh na páirteanna.

**(b)** Tabhair feidhmeanna an chraicinn.

**(c)** Liostaigh na treoirlínte sláinteachais phearsanta ba chóir a leanúint chun do chraiceann a choinneáil sláintiúil.

**(d)** Mol **dhá** bhealach leis an gcraiceann a chosaint agus tú ag tógáil na gréine.

**(e)** Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ina bhfuil an aclaíocht rialta tábhachtach don dea-shláinte.

**5.** **(a)** Liostaigh na treoirlínte ba chóir a leanúint agus cócaireán á roghnú agat le húsáid i dteach teaghlaigh.

**(b)** Déan cur síos ar **cheithre** ghné de chócaireáin nua-aimseartha agus tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** a bhaineann le **gach** gné díobh.

**(c)** Liostaigh na rialacha ba chóir a leanúint agus cócaireán **(i)** in úsáid agat agus **(ii)** á ghlanadh agat.

**(d)** Déan cur síos ar **dhá** mhodh le costais fuinnimh a laghdú agus cócaireán leictreach in úsáid agat.

**(e)** Cad é an rátáil ***éifeachtúlachta*** idéalach ar fhearais nua-aimseartha?

**6.** **(a)** Ainmnigh agus sceitseáil ball éadaigh ba mhaith leat a dhéanamh mar chuid den Staidéar Teicstílí, agus déan cur síos air.

**(b)** Mol fabraic(í) oiriúnach(a) agus tabhair **trí** chúis le do rogha fabraice (nó fabraicí).

**(c)** Ainmnigh **cúig** earra de threalamh fuála atá riachtanach chun an ball éadaigh a dhéanamh.

**(d)** Ainmnigh greim **amháin** a d'fhéadfá a úsáid chun na huamanna a dhéanamh níos néata.

**(e)** Sceitseáil modh **amháin** a d'úsáidfeá chun lorg pearsanta a chur ar an mball éadaigh, agus cuir síos ar an modh sin.

Leathanach Bán